RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/150 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an méid scadán a fhéadfar a allmhairiú faoi tharaif-chuóta 09.0006

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle an 17 Nollaig 1999 lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le CGTT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéantar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe le haghaidh na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ("an Comhaontú"), arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/803 ón gComhairle ([2]), leasaítear taraif-chuóta le haghaidh scadán i ndáil leis an méid atá le hallmhairiú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2021.

(2) Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 32/2000.

(3) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 a leasú dá réir.

(4) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go bhfuil feidhm ag an leasú a dhéantar leis an Rialachán seo maidir le tréimhse taraif-chuóta atá ar siúl an lá a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, is gá forálacha idirthréimhseacha a leagan síos don tréimhse sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 32/2000

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 32/2000, sa ró le haghaidh shraithuimhir 09.0006, sa cholún dar teideal "Méid an chuóta", cuirtear an méid "33 496 tona" in ionad "31 888 tona".

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh thréimhse an taraif-chuóta atá ar siúl

1. Is é an méid a bheidh ar fáil don chuid eile de thréimhse an taraif-chuóta atá ar siúl ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an difríocht idir méid an chuóta arna leasú leis an Rialachán seo agus méid an chuóta a leithdháileadh cheana féin roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([1]) IO L 5, 8.1.2000, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/803 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 181, 21.5.2021, lch. 1).

2. Más rud é ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go raibh an cuóta is infheidhme an 3 Feabhra 2022 ídithe, leithdháilfear an méid nua den chuóta a bheidh ar fáil ar oibreoirí ag leanúint ord croineolaíoch na ndátaí ar glacadh lena ndearbhuithe custaim le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht. Oibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí lasmuigh de chuóta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, aisíocfar leo, ar iarratas uathu agus sa mhéid agus is féidir sin le hiarmhéid an taraif-chuóta, an difríocht sa dleacht a íocadh cheana.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN